


13 Fógraí pionóis um muirear seasta a chealú mar gheall ar earráidí

- 13.1** Cuideachta phríobháideach í GoSafe atá ar conradh don Gharda Síochána chun seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear na líonraí náisiúnta ceamara sábháilteachta agus luasbhraite a oibriú agus a bhainistiú ar fud na hÉireann faoi threoir an Gharda Síochána.¹
- 13.2** Tá an Oifig um Bainistíocht Ceamaraí Sábháilteachta (OSCAM) sa Gharda Síochána freagrach as oibriochtaí laethúla na gceamaraí sábháilteachta tráchta a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Áirítear le freagrachtaí OSCAM rialú airgeadais, monatóireacht ar oibriochtaí, bainistíocht feidhmíochta, faomhadh láithreáin, tuairisciú agus comhairliúchán.
- 13.3** Tá GoSafe freagrach as cinntiú go dtugtar faoi sheisiúin monatóireachta agus suirbhé tráchta i gcomhréir leis na sceidil chomhaontaithe, agus as sonraí suirbhé agus monatóireachta a chur ar fáil don Gharda Síochána. Soláthraíonn GoSafe an trealamh, na feithiclí agus na hoibreoirí riachtanacha um monatóireacht agus shuirbhé.
- 13.4** I gcaitheamh na tréimhse 2021 go 2025, gineadh fáлтаis €138 milliún ó fhógraí pionóis muirir sheasta (FPMSanna) a eisíodh de thoradh luasbhraite ag ceamaraí GoSafe. Rinne An Garda Síochána íocaíochtaí de €85.7 milliún le GoSafe i gcaitheamh na tréimhse sin. Bíonn costais na seirbhíse ina muirear tosaíochta ar na fáлтаis, agus aisíoctar an t-iarhmhéid leis an Státchiste.²

Fíor 13.1 Fáлтаis ó FPMSanna agus costais GoSafe 2021 – 2025



Foinse: An Garda Síochána. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

¹ Tar éis próiseas um sholáthar poiblí, bhronn An Garda Síochána conarthaí comhleánúnacha ar GoSafe i mí na Samhna 2010, i mí Lúnasa 2016 agus i mí na Samhna 2025.

² Coinnítear na méideanna ar gá don Gharda Síochána a íoc le GoSafe ó na méideanna iomlána a bhailítear agus déantar iad a thairgeadh mar leithreasáí i gcabhair an Vóta.

³ Tabhaíonn ciontaí caighdeánacha as bheith ag tiomáint róthapa fhéaíl €160 agus ceanglaítear trí phointe pionóis de cheadúnas an tiománaí. Caillteanas measta: €160 x 2,785 = €445,600.

- 13.5** In 2025, chealaigh An Garda Síochána 2,785 FPMS a eisíodh tar éis luasbhraite iomarcaigh ag dhá cheamara statacha. Mar thoradh ar chealú na bhfógraí cailleadh fáлтаis fhíneála a meastar go raibh siad cothrom le €445,600.³ I gcás na bpointí pionóis gaolmhara cealaíodh iad nó níor cuireadh i bhfeidhm ar cheadúnais tiomána iad.

- 13.6** Mheas An Garda Síochána go raibh na costais riaracháin a bhí bainteach leis na cealuithe cothrom le €3,654.

Fíor 13.2 Cúinsí as ar eascair cealú FPMSanna

Cás 1 — N17 Contae Mhaigh Eo

Ar an 12 Feabhra 2025, d'aithin An Garda Síochána agus GoSafe fadhb maidir le ceamara statach luasbhraite ar an N17, le linn cleachta nuair a bhí cóipeanna de theastais chalabraithe á dtiomsú ag an nGarda Síochána le haghaidh gach ceamara a oibríonn GoSafe. Bhí an ceamara ar an N17 ag oibriú go héifeachtach ach ní raibh deimhniú bailí calabraithe ag gabháil leis. Cuireadh an ceamara statach i mbun oibre ar an 20 Nollaig 2024. Idir an dáta ar cuireadh an ceamara i mbun oibre air agus an dáta ar aithníodh an earráid air, bhí 1,871 fógra muirir sheasta luais eisithe ag an nGarda Síochána. Ina dhiaidh sin aisghaireadh gach ceann de na fógraí. Mheas an fhoireann iniúchóireachta gurbh ionann an garchaillteanas de thoradh chealú na FCPNanna agus €299,360.

Shonraigh An Garda Síochána gur eisíodh aisíocaíochtaí le 923 tiománaí a d'íoc fineálacha sular aithníodh na hearráidí calabrucháin. Bhí fineálacha íoctha ag tiománaithe ag an ráta caighdeánach de €160 agus ag an ráta méadaithe de €240 a mbíonn feidhm aige mura n-íoctar an fhíneáil laistigh de 28 lá.

Eisíodh an teastas calabrucháin ceamara ar an 13 Feabhra 2025.

Cás 2 — N25 Contae Chill Chainnigh

I mí an Mheithimh 2025, d'aithin An Garda Síochána earráid san ionad a cuireadh i FPMS a eisíodh, nuair a fuair siad iarratas ó bhall den phobal ar an bhfógra a chealú. Bhí bailíocht ionad an chiona á ceistiú ag an tiománaí.

Bhain an earráid le baile fearainn mícheart a thaifeadadh sa chóras próiseála FPMS, a d'fhág an fógra neamhbhailí. Is é An Garda Síochána a dhéanann cothabháil ar an gcóras próiseála FPMS.

Idir 30 Bealtaine 2025 agus 30 Meitheamh 2025, d'eisigh An Garda Síochána 914 FPMS maidir le tiomáint róthapa a raibh ionad an chionta taifeadta orthu mar N25 Baile na Móna, Muileann an Bhata, Cill Chainnigh. An t-ionad ceart a bhí i gceist ná N25, Baile na Móna, An Gleann Mór, Cill Chainnigh. Ina dhiaidh sin aisghaireadh gach ceann de na fógraí.

Mheas an fhoireann iniúchóireachta gurbh ionann an garchaillteanas de thoradh chealú na FPMSanna agus €146,240.

Shonraigh An Garda Síochána gur eisíodh aisíocaíochtaí le 208 tiománaí a d'íoc fineálacha sular aithníodh an earráid ó thaobh ionaid.

Ceartaíodh an earráid ar an gcóras próiseála FPMS ar an 30 Meitheamh 2025, nuair a rinneadh an t-ionad ceart a uaslódáil. Cuireadh an ceamara statach luasbhraite i mbun oibre arís ar an 4 Iúil 2025.

Bearta a cuireadh i bhfeidhm chun nach dtarlódh earráidí arís

- 13.7** Dheimhnigh an Garda Síochána don fhoireann iniúchóireachta go bhfuil na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm anois chun nach dtarlódh earráidí arís.
- Faightear cóipeanna de gach teastas calabrúcháin um cheamara braite meánluais ó sholáthraí na seirbhíse seachfhoinsithe, GoSafe.
 - Coinníonn an Garda Síochána anois taifead inmheánach a bhaineann leis na dátaí eisiúna agus athnuachana do gach teastas calabrúcháin. Ceanglaítear ar GoSafe athsholáthar gach teastas calabrúcháin a dheimhniú ar dháta na hathnuachana.
 - Tá cosaintí feabhsaithe curtha i bhfeidhm ag GoSafe ina gcuid próiseas dearbhaithe cáilíochta lena n-áirítear seiceálacha comhlíontachta laethúla ar stádas an teastais chalabrúcháin do gach seisiún monatóireachta agus athbhreithnithe seachtainiúla ar na teastais chalabrúcháin riachtanacha go léir ag lucht bainistíochta GoSafe.
 - Déanann OSCAM athbhreithniú ar mheasúnuithe ionaid do gach ceamara seasta agus statach luasbhraite sula gcuirtear le córas TF an Gharda Síochána lena sláine a dheimhniú. Áirítear leis sin athbhreithniú ar an aitheantóir ionad, seoladh an ionaid lena n-áirítear baile fearainn, baile agus contae, na fodhlíthe ábhartha agus an luas forfheidhmithe.

Aisghabháil caillteanas a tabhaíodh

- 13.8** Sa chonradh le GoSafe a bhí i bhfeidhm tráth na n-eachtraí ar an N17 agus an N25 ní raibh foráil chun caillteanais a aisghabháil i gcás mainneachtana a tháinig ó GoSafe.
- 13.9** Sa chonradh reatha le GoSafe, a bhfuil feidhm aige ón 1 Samhain 2025, tá foráil go bhféadfaí méid a choinneáil siar dá mainneodh an soláthraí seirbhíse, GoSafe, na seirbhísí a sholáthar i gcomhréir le téarmaí an chonartha.
- 13.10** Tá sé sonraithe ag an nGarda Síochána gur aisghabhadh ó GoSafe na costais as an gceamara statach luasbhraite a oibriú ar an N17 le linn na tréimhse a bhí i gceist, a bhí cothrom le €15,651 (gan CBL).

Conclúidí agus moladh

- 13.11** Mar gheall ar earráidí agus easpa rialuithe cúitimh, níor bhailigh An Garda Síochána fíneálacha a bhí cothrom le timpeall €445,600 a bhí bainteach le hoibriú dhá cheamara statach luasbhraite. Mar gheall ar na hearráidí sin, níorbh fhéidir pointí pionóis gaolmhara a chur i bhfeidhm ar cheadúnais tiománaí a sháraigh an luasteorainn agus iad ag tiomáint agus a aithníodh ag na ceamaraí luasbhraite.
- 13.12** I gcás eachtra amháin, ní raibh An Garda Síochána in ann na costais a aisghabháil as oibriú an cheamara le linn na tréimhse nuair nach rabhthas in ann fíneálacha as tiomáint róthapa a fhorfheidhmiú.

- 13.13** Tá céimeanna glactha ag an nGarda Síochána chun rialuithe ar na córais ceamara stataigh agus FPMS a neartú. Tá deis ann, áfach, nósanna imeachta a chur ar bhonn foirmiúil ionas go seachnófaí cásanna ina bheadh tiománaithe a bhraithfí agus iad ag tiomáint róthapa in ann na pionóis reachtúla chuí ó thaobh airgeadais agus pointí ceadúnais a sheachaint.

Moladh 13.1

Ba cheart don Gharda Síochána sraith nósanna imeachta foirmiúla a cheapadh ina leagfaí amach na próisis nach mór cloí leo sula mbunófaí ionad nua ar an gcóras próiseála FPMS.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaithe.

Tá an Garda Síochána ag an gcéim dheireanach de dhoiciméad nós imeachta dá leithéid a dhréachtú.